

Review: *Bone and Marrow / Cnámh agus Smior: An Anthology of Irish Poetry from Medieval to Modern* (Fisher agus Ó Conchubhair)



Deirdre Nic Chárthaigh

Celtica 34 (2022), 198–203

DOI: 10.58480/SCS-4rxrq-gepz4

DIAS

Institiúid Ard-Léinn | Dublin Institute for
Bhaile Átha Cliath | Advanced Studies



© School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies.
This work is licensed under CC BY-NC 4.0. To view a copy of this
license, visit <https://creativecommons.org/licenses/by-nc/4.0/>

contextualise it in the period to which its composition is usually dated, that of late Middle Irish. Arguing that the text embodies ‘elements which came about in response to various emotive states linked to that age’ (p. 103), he lists and discusses some historical events that may have had a bearing on its composition and also looks at a number of texts likewise dated to that period that may have influenced the *Bórama* tract, or may share certain features with it that are reflective of the period in which they were written. Among these works are *Cogad Gáedael re Gallaib*, *Táin Bó Cúailnge*, *Lebor na Cert*, elements of *dindsenchas* and the somewhat later *Acallam na Senórach*. This is a very wide-ranging study in which several thoughts about the development of the text are put forward, but many of these are presented simply as ideas that require further development. Detailed discussion of the evidence he sees for the possible influence on the *Bórama* of any one of the texts he mentions, for instance, would be very welcome. As is the case with other contributors, Buttimer concludes by appealing for a critical edition of this important text, accompanied by translation and detailed commentary. (p. 127, n. 89).

Although these studies serve further to show the limitations of categorizing medieval Irish into cycles, especially in the case of the two cycles with which they are concerned, it is unlikely that the cyclical designations will be abandoned, having been employed now for well over a century. *The Mythological Cycle of Medieval Irish Literature* and *Revisiting the Cycles of the Kings* are both welcome publications, as is the series of Cork Studies in Celtic Literatures to which they belong.

RUAIRÍ Ó HUIGINN

Dublin Institute for Advanced Studies

Bone and Marrow / Cnámh agus Smior: An Anthology of Irish Poetry from Medieval to Modern. Samuel K. Fisher agus Brian Ó Conchubhair (eag.). Wake Forest University Press, Winston-Salem, 2022. 968 lgh. \$35.95–\$55.95. ISBN 978-1-943667-00-0.

Is achrannach an rud é an cnuasach filíochta. Cé na dánta a chuirtear san áireamh? Cé na dánta a fhágtar ar lár? Céard í an tslat tomhais? Ceist achrannach í ceist an aistriúcháin chomh maith. An fearr aistriúchán atá dílis don bhuntéacs, nó aistriúchán a dhéanann iarracht spiorad an bhuntéacs a thabhairt leis? Nó aistriúchán a dhéanann aithris ar mheadaracht agus ar struchtúr an bhuntéacs? Is é *Bone and Marrow / Cnámh agus Smior*, arna chur in eagar ag Samuel Fisher agus ag Brian Ó Conchubhair, an díolaim dhátheangach is deireanaí d’fhlíocht na Gaeilge le teacht ar an bhfód, agus is cinnte go spreagfaidh sí neart díospóireachta faoi cheisteanna dá leithéid. Síolraíonn sí as an traidisiún comhaimseartha duanaireachta lena n-áirítear *A Golden Treasury of Irish Poetry* (1967), *Nua-Dhuanaire 1600–1900: Poems of the Dispossessed* (1981), agus *Leabhar na hAthghabhála* (2016). Is fairsinge agus is uailmhianáí í ná a cuid réamhtheachtaithe, áfach: 183 dán atá inti ó thréimhse na Luath-Ghaeilge go tréimhse na Nua-Ghaeilge comhaimseartha,

maille le haistí comhthéacsúla agus nótaí iomadúla. Más díol suntais méid agus fairsinge an tsothair, is díol suntais líon na meithle a bhí páirteach ann chomh maith, agus eagarthóirí éagsúla, ar saineolaithe i réimsí ar leith iad, i mbun gach caibidle.

Tá leagan amach traidisiúnta go maith ar an díolaim ina hiomláine. Ní dhéantar aon mhór-athbhreithniú ar an deighilt a aithnítear de ghnáth idir tréimhsí éagsúla d'fhilíocht na Gaeilge, agus tá an cnuasach roinnte ina cheithre mhór-rannóg dá réir: 'Tús an Traidisiúin' (tréimhse na Luath-Ghaeilge); 'Filíocht na Scol' (tréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche); 'Ré Nua: Polaitíocht agus Guth an Phobail' (ó c. 1650 go deireadh an naoú haois déag) agus 'Sprid na Saoirse agus Saoirse na Spride' (an fhilíocht chomhaimseartha). Ní chloítear go hiomlán leis an leagan amach croineolaíoch sin laistigh de na caibidlí éagsúla, áfach, agus tugtar aitheantas áirithe do luaineacht na teanga agus do na deacrachtaí a bhaineann le 'tréimhsí' dochta scolártha a leagan anuas uirthi. I gCaibidil 7, mar shampla, ina ndírítear ar 'Amhrán na nDaoine sa naoú haois déag', féachann na heagarthóirí leis 'an chinnteacht mharfach' a bhaineann le 'tréimhsí' teanga a sheachaint, agus tá dhá amhrán chomhaimseartha san áireamh sa rogha dánta atá curtha ar fáil acu. Faightear réimse seánraí taobh le taobh i gcaibidlí eile; léiríonn an cur chuige seo gur de réir a chéile a tháinig athruithe ar mhúnlaí agus ar chineálacha na filíochta agus, ar ndóigh, ar an nGaeilge inar cumadh iad.

Ní haon ábhar iontais, i bhfianaise líon na rannpháirtithe a ghlac páirt i roghnú agus i gcur i láthair na ndánta, go bhfuil an-éagsúlacht sna haistriúcháin Bhéarla a chuirtear ar fáil sa díolaim. Pléitear an cinneadh a rinneadh gan polasaí aistriúcháin ar leith a leagadh amach ag tús na díolama ('Focal faoi chúrsaí aistriúcháin') agus is amhlaidh go raibh ceisteanna polaitiúla chomh maith le ceisteanna liteartha agus aeistéitiúla chun tosaigh in intinn na n-eagarthóirí: 'All translation faces these dilemmas. But they are more pernicious in the case of a minoritized language and a history of colonialism. A translator hopes to make something Irish into something English. So did the empire-builders. [...] we thus did not impose any strategy on the contributors. They were free to create their own translations, of whatever kind, or to choose previously published translations done by others, of whatever kind' (Ich. 30). Tá idir aistriúcháin nua agus sheanaistriúcháin, agus idir aistriúcháin liteartha agus aistriúcháin litriúla ar fáil anseo, mar sin (agus ní mór a admháil go bhfuil éagsúlacht i gcaighdeán na n-aistriúchán chomh maith). I measc na seanaistriúchán a chuirtear ar fáil tá aistriúcháin mháistriúla Eleanor Knott ar dhánta Thaidhg Dhaill Uí Uiginn, aistriúchán ar dhán le Piarais Mac Gearailt a fuarthas i lámhscríbhinn ó lár an naoú haois déag, agus aistriúcháin a cuireadh ar fáil i ndíolamaí ar nós *Poems of the Dispossessed* roimhe seo. Ath-aistríodh dánta eile. I gCaibidil 9, mar shampla, tá aistriúcháin úra curtha ar fáil ag Michelle O Riordan ar dhánta a d'aistrigh McKenna sna 1930idí agus 1940idí ('Michelle O Riordan, after Lambert McKenna'). Ní i gcónaí a thugtar an t-aitheantas céanna do na bunaistriúcháin agus do scoláireacht na mbunaistritheoirí, áfach. Níos é seo atá le cáineadh, go háirithe i gcás na

filíochta nach filíocht chomhaimseartha í, agus a bhfuil dua ar leith ag baint lena brí a thuiscint agus a shoiléiriú.

Filíocht na Luath-Ghaeilge is ábhar don chéad mhór-rannóg agus, i bhfianaise fairsinge na díolama, is mór an t-ionadh nár tiomnaíodh ach an t-aon chaibidil amháin (10 ndán ar fad) d'fhillíocht na tréimhse seo, .i. ón seachtú haois go dtí an tríú haois déag. (Is fiú é seo a chur i gcomparáid leis an 74 dán ón seachtú haois déag go dtí an naoú haois déag atá sa tríú mór-rannóg). Ceileann an éagothromaíocht seo saibhreas agus fairsinge litríocht na Luath-Ghaeilge, idir litríocht na Sean-Ghaeilge agus litríocht na Meán-Ghaeilge, agus déanann sí neamhiontas den obair mhór atá idir lámha ag scoláirí leis an réimse leathan seánraí a cleachtadh sa tréimhse seo a thabhairt chun solais. Is deas, mar sin féin, an rogha dánta atá curtha ar fáil ag Joseph Nagy agus ag Natasha Sumner sa chéad chaibidil; tá 'clasaicí' ar nós *Messe ocus Pangur Bán* (Dán 1), *Fuit co bráth!* (Dán 6) agus *Is acher in gaíth in-nocht* (Dán 9) ann — dánta a foilsíodh go minic cheana i ndíolamaí ar nós *Early Irish Lyrics, A Golden Treasury* agus *Medieval Irish Lyrics* roimhe seo — mar aon le dánta nach bhfuil eolas chomh fairsing sin orthu, sleachta as *Serglige Con Culainn* (Dánta 3 agus 4) agus *Agallam na Senórach* (Dán 5) ina measc.

Más easnamhach an freastal a dhéantar ar fhillíocht na Luath-Ghaeilge, a mhalairt is fíor do thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche. Is don dán díreach, an réimse is airde d'fhillíocht chlasaiceach na bhfilí próifisiúnta, a thugtar tús áite sna ceithre chaibidil sa dara mór-rannóg, 'Filíocht na Scol'. Suirbhé ginearálta a chuirtear ar fáil sa chéad chaibidil díobh seo (Caibidil 2 sa chnuasach), agus tá saothair leis na mórphilí Tadhg Óg Ó hUiginn, Fearghal Óg Mac an Bhaird, agus Giolla Brighde Mac Con Midhe i measc na ndánta a roghnaigh Peter McQuillan agus Rory Rapple. (Tá stádas áirithe bainte amach ag formhór na ndánta seo cheana féin, agus cuid díobh arna bhfoilsíú in *Irish Bardic Poetry* agus in *Nua-Dhuanaire* roimhe seo). Leagann caibidil Michelle O Riordan (Caibidil 3) béim ar an tionchar a bhí ag ionradh na nAngla-Normannach ar chumadh na filíochta agus léiríonn a rogha dánta siúd an réim fairsing a chleacht na filí: tá dán ar stíl ghruaige phátrúin (Dán 22), dán bréagcháinteach (Dán 23), agus dán ar an Maighdean Muire (Dán 27) ina measc.

Cuirtear aiste fhíorspéisiúil ar fáil ag tús na ceathrú caibidle ('An Reifirméisean, an Concas Eilíseach, agus Deoraíocht thar Lear'), ina leagann Mícheál Mac Craith agus Geraldine Parsons béim ar an litríocht a chum na Gaeil ar an mórthír agus ar thionchar ghluaiseachtaí Eorpacha ar an litríocht in Éirinn. Cuirtear dánta ar fáil anseo a cumadh i Sasana (Dán 33), i Lobháin na Beilge (Dán 35) agus sa Róimh (Dán 39), dánta a leagann béim ar chomhthéacs Eorpach léann na Gaeilge. Is ar Phlandáil Uladh a dhíríonn Síle Ní Mhurchú agus Brendan Kane sa chéad chaibidil eile ('Freagairt Fhileata ar Phlandálacha'), agus tá ísliú céime na filíochta de dheasca athruithe polaitiúla agus sóisialta ina théama ag cuid mhaith de na dánta a chuirtear ar fáil (*Cáit ar ghabhadar Gaoi-dhil?* (Dán 43) agus *Ceist! Cia do cheinneóchadh dán?* (Dán 44) ina measc). Tá laoi fianáíochta agus dán grá san áireamh sa chuid seo chomh maith; téacsanna a luíonn lasmuigh den ghnáth-thuiscint atá ar an téarma 'Filíocht na Scol', ach a chuireann i gcuimhne dúinn nárbh í an fhillíocht dhocht chlasaiceach amháin

a bhíodh á cumadh le linn thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche (rud nach léir ar fad ón mórpheictiúr a chuirtear ar fáil sa rannóg seo, ina leagtar béim ar leith ar an bhfilíocht pholaitiúil).

Filíocht ón seachtú go dtí an naoú haois déag is ábhar don tríú rannóg, ‘Ré Nua: Polaitíocht agus Guth an Phobail’. In ‘Filíocht agus Polaitíocht Apacailipteach (1641–1660)’, tugann rogha Kane agus Fisher léargas dúinn ar ‘chuid de na foirmeacha, téamaí agus réimsí teanga a fheictear sna dánta ... a cumadh le linn tonnbnhriseadh na thréimhse réabhlóidí’ (lch. 312). Cuimsíonn a rogha téacsanna idir dhánta clasaiceacha nár foilsíodh i ndíolamaí roimhe seo agus nach mbeadh cur amach ag an bpobal mór orthu (ar nós *Deireadh flathis ag féin Gall* le Gofraidh Óg Mac an Bhaird (Dán 52)) agus mhórdhánta aiceanta lár na haoise ar nós *An Síogaí Rómhánach* (Dán 60) agus *Tuirneamh na hÉireann* (Dán 61). Dánta le Dáibhí Ó Bruadair iad sé cinn (as deich gcinn) de na dánta atá roghnaithe ag Fisher i gCaibidil 7, ‘An t-athréimniú agus Cogadh an Dá Rí’. Dánta iad seo a léiríonn an cumasc ‘de shotal uasaicmeach fraochta agus caoineadh léanmhar cultúrtha, idir phearsanta agus pholaitiúil’ (lch. 386) atá le sonrú i bhfilíocht na haoise sin. Tá teacht chun cinn na hAislinge chun tosaigh i gCaibidil 8 (arna cur in eagar ag Niall Comer, ag Wes Hamrick agus ag Éamonn Ó Ciardha), agus cuimsíonn a rogha dánta siúd mórshaothair ar nós *Gile na gile* le hAogán Ó Rathaille (Dán 73), mar aon le dánta a léiríonn gnéithe níos imeallaí den traidisiún, ar nós *A Athair Niocláis, mo chás id luí thú* leis an mbanfhile Cáit de Búrca (Dán 80) agus an dán macarónach *As I was walking one evening fair* le Donnchadh Rua Mac Conmara (Dán 78).

Is fairsing réimse na ndánta i gCaibidil 9 (‘Ón Seacaibíteachas go dtí an Gorta Mór (1700–1850)’), atá in eagar ag Liam Mac Mathúna, ag Deirdre Nic Mhathúna agus ag Pádraig Ó Liatháin (agus atá dhá oiread chomh fada le formhór na gcaibidlí eile). I measc na ndánta atá in eagar anseo tá dánta a bhfuil stádas ar leith bainte amach cheana féin acu ar nós *Cúirt an Mheán Oíche* (Dán 95), *Caoineadh Airt Uí Laoghaire* (Dán 92), agus dánta le hAogán Ó Rathaille agus le Máire Bhuí Ní Laoghaire. Cuirtear leis an gcanóin sheanbhunaithe seo chomh maith, áfach. Tá dán ann le Mícheál Óg Ó Longáin, mar shampla, ar fearr an aithne atá air mar scríobhaí, agus dán le Tadhg Ó Neachtain, a léiríonn an borradh a tháinig faoi shaothrú an léinn i mBaile Átha Cliath sa chéad chuid den ochtú haois déag. Cuireann caibidil den scoth, *Amhráin na nDaoine sa Naoú haois déag*, deireadh leis an rannóg. Cuireann na heagarthóirí, Lillis Ó Laoire agus Siorcha Nic Lochlainn, i gcuimhne dúinn go bhfuil an teanga scríofa agus an teanga béil nasctha le chéile, agus go ndéantar ‘éagóir ar an litríocht lámhscríofa agus chlóite agus ar an litríocht bhéil araon nuair a dhealaítear óna chéile iad’ (lch. 612). Cuirtear rogha gléineach amhrán ar fáil ó Ghaeltachtaí éagsúla, agus cuirtear i gcuimhne don léitheoir gur dlúthchuid de na hamhráin seo an ceol a ghabhann leo, agus go ndéantar iomlánú orthu trína ngabháil os ard.

Filíocht chomhaimseartha na Gaeilge is ábhar don cheathrú cuid den leabhar seo, ‘Sprid na Saoirse agus Saoirse na Spride’. Sa chéad chaibidil, ‘Ré na hAthbheochana: Filí, Rannairí agus Véarsadóirí (1880–1940)’, tugann

Philip O’Leary agus Brian Ó Conchubhair tús áite do na filí sin ‘a thréig na seanmhúnláí agus a d’aimsigh múnla neamhthraidisiúnta a d’oir dá nguth agus dá bhfís phearsanta féin’ (lch. 706), seachas d’fhilí a rinne ‘aithris lom bhalbh ar dhánta na nglúnta a d’imigh rompu’ (lch. 704), agus tá dánta le Pádraig Mac Piarais, le Pádraig Ó hÉigeartaigh, agus le hÁine Ní Fhoghlú i measc na ndánta a chuirtear ar fáil. Dánta a bhfuil eolas fairsing orthu i measc léitheoirí na Gaeilge iad na dánta ar fad atá roghnaithe ag Daniela Theinová agus ag David Wheatley i gCaibidil 12 (*Adhlacadh mo Mháthar* le Seán Ó Ríordáin (Dán 135), *Ó Mórna* leis an Direánach (Dán 141), *Aifreann na marbh* le hEoghan Ó Tuairisc (Dán 146) agus *Ceathrúintí Mháire Ní Ógáin* le Máire Mhac an tSaoi (Dán 142) ina measc), agus is cinnte go bhfuil a n-áit tuilte acu sa díolaim seo agus go mb’easnamhach í dá n-uireasa.

Is ar fhilí ár linne a dhírítear sa dá chaibidil dheireanacha den díolaim. Tugtar aitheantas d’fhilí *Innti* agus do thréimhse ar leith i stair fhilíocht na teanga i gCaibidil 13. Tá dánta leis na filí siúd a bhí ‘mar chroílár an ghrúpa’ (lch. 812) — Michael Davitt, Nuala Ní Dhomhnaill, Liam Ó Muirthile agus Gabriel Rosenstock — curtha ar fáil ag Caoimhín Mac Giolla Léith agus ag Clíona Ní Ríordáin, mar aon le dánta leis an dara ‘baicle’ d’fhilí, lena n-áirítear Louis de Paor agus Colm Breathnach. Tá tionchar mór *Innti* ar an gcéad ghlúin eile le feiceáil sa chaibidil dheireanach, ‘Deireadh an Áil? Glúin Y agus Z’. Is suaithinseach láidreacht ghuth na mban anseo, agus dánta le Caitríona Ní Chléirchín, Aifric Mac Aodha, Doireann Ní Ghríofa agus Ailbhe Ní Ghearbhuigh san áireamh. Má tá an dúchas le sonrú go láidir ar dhánta na bhfilí áirithe sin, tugtar aitheantas d’fhoirmeacha nua filíochta agus do thábhacht na teicneolaíochta mar mheán don fhilíocht sna saothair a chuirtear ar fáil le Ciará Ní É agus le hOla Majekodunmi. Ar na téamaí is mó a ndéantar cíoradh orthu sa rogha seo dánta tá cúrsaí inscne, ceisteanna féiniúlachta agus díothú an chultúir. Léirscrios na timpeallachta is ábhar don dán *Apacailipsis* le Matthew Ryan Shelton (Dán 173). Is spéisiúil nach bhfuil an ghéarchéim aeráide níos lárnaí sa chaibidil seo, áfach; léiriú, b’fhéidir, ar dhroghall fhilí na Gaeilge dul i ngleic leis an mórcheist seo.

Más tuar dóchais é líon na ndánta le mná i gcaibidlí deireanacha an chnuasaigh seo, shílfeá go mb’fhéidir nach raibh ceist na hinscne chun tosaigh ar fad in intinn na n-eagarthóirí agus iad ag cuimhneamh ar an díolaim ina hiomláine. Ní haon ionadh, ar ndóigh, gur fhir a chum formhór mór na ndánta a chuirtear ar fáil — níos lú ná 20% den iomlán a leagtar ar mhná — agus léiriú é seo ar a imeallaithe agus a bhí traidisiún liteartha na mban go dtí le fíordheireanaí. Mar sin féin, shílfeá go bhféadfaí ardán níos mó a thabhairt don fhilíocht sin dá bhfuil ar marthain ó pheann na mban. Is trua, mar shampla, nach bhfuil dánta le Caitilín Dubh ná le Fionnghuala Ní Bhriain — beirt bhanfhilí a bhí ag cumadh filíochta sa seachtú haois déag — sa chnuasach (cé go luaitear Caitilín Dubh san aiste ag tús chaibidil 4) agus, ós rud é go bhfuil dornán dánta ó thraidisiún na hAlban sa díolaim, nár cuireadh saothair le leithéidí Màiri Mhòr nan Òran agus Sileas na Ceapaich san áireamh. Ochtar ban agus sé fhear déag a bhí páirteach i roghnú na ndánta, rud a fhágann nach lárnach ar fad go fóill ról na mban i mbunú chanóin liteartha na Gaeilge.

Sa réamhrá a cuireadh leis an díolaim seo, maíonn na heagarthóirí gurb é a ‘ndóchas go mbeidh an díolaim seo ar na díolamaí dátheangacha is leithne agus is cuimsithí dá bhfuil ar fáil faoi láthair maidir le dánta, le haistí agus le nótaí de agus go dtabharfar léargas cuimsitheach anseo ar stair agus ar chultúr na hÉireann ón gcúigiú haois ar aghaidh’ (lch. 26). Is cinnte go n-éiríonn leo an sprioc sin a bhaint amach, agus ní beag an t-éacht an méid sin féin. Éiríonn go háirithe lena n-aidhm spéis a spreagadh i bhfilíocht na Gaeilge ‘mar fhoinsé do stair agus do chultúr na hÉireann’ (lch. 27), agus tús áite tugtha do chomhthéacs stairiúil agus polaitiúil na ndánta tríd síos. Tá an díolaim féin tarraingteach agus snasta, agus an Ghaeilge agus an Béarla leagtha amach le taobh a chéile go soiléir, paiteanta. Is trua, áfach, nach ndearnadh eagarthóireacht níos cúramaí ar an leabhar sular cuireadh chuig an gclódóir é. Tá go leor neamhréireachtaí beaga ann, agus sleachta iomlána ar iarraidh nó san áit mhícheart i gcásanna áirithe. Shílfeá go mb’fhéidir go ndeachaigh rudaí áirithe amú ag pointe éigin le linn an phróisis eagarthóireachta, nó gur cuireadh athruithe i bhfeidhm i dteanga amháin, agus gur fágadh gan leasú sa dara teanga iad. (Sa chur síos a dhéantar ar dhán 30 (lch. 191), mar shampla, is sa leagan Béarla amháin a cuirtear alt faoin bhfile, Tadhg Óg Ó hUiginn, ar fáil, agus shílfeá go mb’fhéidir gur cheart go mbainfeadh sé le dán 27 (mar a bhfuil an t-alt céanna ar fáil sa Ghaeilge). Ar an gcaoi chéanna, is cosúil gur fágadh cuid den eolas ar lár sa leagan Gaeilge den chur síos a dhéantar ar an dán *Mac an Cheannaí* (lch. 462)).

Pé locht a gheobhaidh léitheoirí acadúla ar ghnéithe áirithe den chnuasach seo (agus is cinnte nach sásódh saothar atá chomh huailmhianach agus fairsing seo gach uile dhuine go deo), níl aon amhras ach go mbeidh fáilte ag pobal na Gaeilge agus acu siúd ar spéis leo cultúr agus stair na hÉireann roimhe, agus go bhfuil a áit féin tuilte aige i dtraidisiún fada duanaireachta na Gaeilge.

DEIRDRE NIC CHÁRTHAIGH

Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath

The Ó Neachtain Window on Gaelic Dublin, 1700–1750. Liam Mac Mathúna. Cork Studies in Celtic Literatures, Cork, 2021, iv + 110 pp. €12.00. ISBN: 978-0-9955469-3-6.

The fourth instalment in the series *Cork Studies in Celtic Literatures* is, as the author informs us in his preface, ‘an account of Gaelic scholarship in an urban setting, told from the inside ... in a modernising, bilingual city, ... early eighteenth-century Dublin’ (p. iii). The two principal figures discussed, Seán Ó Neachtain (c. 1647–1729) and his son Tadhg Ó Neachtain (c. 1671–post 1752), hardly require introduction. Their contribution to the Irish manuscript culture of their day, and the activities of the ‘circle’ of Irish scholars who gathered about Tadhg’s house in St. Catherine’s Parish, Meath Street, Dublin, has been acknowledged widely since T. F. O’Rahilly printed the now well-known poem *Sloinfead scothadh na Gaoidhilge grinn* in 1913. In truth, it was Edward O’Reilly (1820: ccxiii–ccxvii, ccxxvii–ccxxix) who first set down in print, almost a century earlier, an account of the huge number of texts composed